C/2026/4720

3.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12571 — VINCI ENERGIES / ALL FOR ONE GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4720)

1. An 26 Lúnasa 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Vinci Energies S.A. ('Vinci Energies') (an Fhrainc), faoi rialú Vinci S.A. (an Fhrainc),

— All for One Group SE ('All for One Group') (an Ghearmáin), faoi rialú Unternehmens Invest AG (an Ostair).

Gheobhaidh Vinci Energies rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar All for One Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 16 Iúil 2026.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is eagraíocht dhomhanda é Vinci Energies atá gníomhach maidir le lamháltais agus bonneagar, tógáil, oibreacha poiblí, innealtóireacht shibhialta agus fuinneamh chomh maith le seirbhísí TF (tríd an líne bhranda Axians).

— Is soláthraí seirbhísí TF é All for One Group, lena n-áirítear comhairliúchán TF, réitigh bhainistíochta feidhmchláir, bogearraí mar sheirbhís, seirbhísí bainistithe chomh maith le bogearraí feidhmchláir fiontair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12571 — VINCI ENERGIES / ALL FOR ONE GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.